

SEOIRSE MAC TOMÁIS AGUS OLLSCOIL NA nDAOINE

STIOFÁN NEWMAN

San alt seo tá sé i geist agam cuntas a thabhairt agus anailís a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den pháirt a ghlac Seoirse Mac Tomáis in athbheochan na Gaeilge idir na blianta 1923 go 1934. Léireofar go raibh obair dhúshlánach, éachtach ar bun aige d'fhoinn is go bhféadfadh sé pobal agus cultúr na Gaeltachta a chur in oiriúint do shcolaíocht agus shibhialtacht an fichiú haois. D'éinne a bhfuil baint aige\laici leis an oideachas in Éirinn, tá ábhar spéise i scéal Mhic Thomáis: a dhearcadh ar thábhacht an oideachais i gcaomhnú cultúr, na hiarrachtaí dár lean, agus an cur ina aghaidh, ó eilimintí sa rialtas agus san eaglais, a dhein deimhin de né tiocfadh a chuid oibre i réimse an oideachais chun éifeachta. Ba dhuine ar leith é Mac Tomáis i gcomhthéacs gluaiseacht na Gaeilge mar bhí a mheon i leith na hathbheochana múnlaithe ag an sóisialachas Eorpach i gcomórtas leis an náisiúnachas rómánsúil; an meon a bhí ina bhunchloch idé-eolaíochta ag formhór na ndíograiseoirí Gaeilge a bhí chun cinn sna blianta roimh agus díreach i ndiaidh bhunú an Stáit. Cé né beidh sé faoi chaibidil agam san alt seo, is fiú a lua gurbh é Mac Tomáis a spreag an Blascaodach óg Muiris Ó Súilleabháin chun dul i mbun pinn. B' é toradh na hoibre ná a dhírbheathaisnéis, *Fiche Blian Ag Fás*, leabhar a bhain aitheantas

SEOIRSE MAC TOMÁIS

idirnáisiúnta amach do Mhuiris agus dá eagarthóir, Seoirse Mac Tomáis.

Rugadh Seoirse Mac Tomáis sa bhliain 1903 in Iarhar Dulwich, Londain. B' é an mac ba shine ar chuígear clainne a saolaíodh do William agus Minnie Thomson. Protastúnaigh den dtraigisiún Ultach ab ea a thuismitheoirí, ach thugadar tacaíocht ó chroí do ghluaiseacht phoblachtánach na hÉireann, meon a chuaigh i bhfeidhm ar Sheoirse óg. Ina óige bhí sé mar bhall de Chonradh na Gaeilge i Londain, agus ina dhiaidh sin bhí sé gníomhach i Sim Féin. Sa bhliain 1922 bhain sé scoláireacht amach, a thug deis dí dul go Coláiste an Rí, Cambridge. Bhí sé i gceist aige staidéar a dhéanamh ar an Léann Ceilteach ach, toisc ná raibh cursa ar bun sa Choláiste, thug sé faoin Léann Clasaiceach. Sa bhliain 1926 bhain sé amach céad-onóracha i gCoda 1 agus 2 den Tripos Clasaiceach agus sna blianta a lean bhain sé aitheantas idirnáisiúnta amach mar scoláire ar theanga agus ar litriocht na Sean-Ghréige. Le linn dó bheith ina mhac léinn chuir sé aithne ar an scoláire Robin Flower. Ar chomhairle Flower, thug sé cuairt ar an mBlascaod Mór leis an aidhm go bhféadfadh sé feabhas a chur ar a chuid Gaeilge, chun go mbeadh sé in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i ngluaiseacht na Gaeilge. Míononn sé sa sliocht seo a leanas an fonn a bhí air:

During my schooldays in London, which coincided with the Black and Tan terror in Ireland, I was an ardent Sinn Feiner and a regular attendant of the language classes of the London Branch of the Gaelic League. In 1923, armed with an introduction from Robin Flower, I paid my first visit to the Blasket Island. My object was to perfect my knowledge of the language in order to devote myself to the language movement as soon as I had taken my degree.¹

Ina scríbhinní faoin mBlascaod Mór, agus faoi ghluaiseacht na Gaeilge, deineann Mac Tomáis idirdhealú idir a mheon i leith phobal na Gaeltachta agus meonta eile a bhí coitianta, i measc scoláirí agus diograiseoirí eile a chaith sealanna ar an mBlascaod, agus ceantair Ghaeltachta eile. Nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893, tosnaíodh ar idéalú a dhéanamh ar phobal

na Gaeltachta. Mheas Dubhghlas de hÍde gur sa Ghaeilgeoir a gheobhfai:

everything that is most racial, most smacking of the soil, most Gaelic, most Irish.²

Bhí a chomhleacáí Eoin Mac Néill ar aon dul leis nuair a dúirt sé faoin nGaeilgeoir gurbh é:

the truest and most invincible soldier of his nation”³.

Cuireadh tú le gluaiseacht liteartha a mhol uaisleacht agus foirfeacht an tsaoil faoin dtuath, gan trácht a dhéanamh ar an mbochtanas a bhí go forleathan. Ag tagairt d`fhilíocht na gluais-eachta, deir Prionsias Ó Conluain agus Donncha Ó Céileachair an méid seo a leanas:

Is é an teagasc mórálta thar aon rud eile an ghné is suntasaí de litriocht na ré úd, ach níor scaradh an mhorálacht chéanna go hiomlán riamh ó chúrsaí náisiúnta. Ba chuid dhlúth de náisiúnachas cultúrtha na haimsire an t-adhmholadh ar shaol agus ar shaoithíulacht na tuaithe a fhaighimid i ndánta na tréimhse. Tá áibhéal ag baint le haoibhneas an chineáil a léirítear i ndánta mar seo, go háirithe nuair a smaoinitear ar bhochtanas na tire ag an am.⁴

Bhí an t-idéalachas céanna le feiscint mar thionchar ar scribhneoirí Béarla na linne sin. Chaith W.B. Yeats agus Lady Gregory roinnt mhaith ama i gConamara ar thóir ionspráide. Chaith J.M. Synge tréimhsí ar an mBlascaod Mór agus in Árainn; tá cuntas ar na turasanna san sna leabhair *In Wicklow and West Kerry* agus *The Aran Islands*. Cé ná raibh Synge dall ar na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag goilliúint ar phobal na n-oileán, mheas sé go gcaillfidís gnéithe áirithe dá n-uaisleacht, dá dtiocfadh athrú ar an saol mar a bhí. Athrú ab ea é a bhí ag titim amach sna háiteanna ab iargúlta féin:

SEOIRSE MAC TOMÁIS

I am in the North Island again, looking out with a singular sensation to the cliffs across the sound. It is hard to believe that those I can just see in the south are filled with people whose lives have the strange quality that is found in the oldest poetry and legend. Compared with them the falling off that has come with the increased prosperity of this Island is full of discouragement. The charm which people over there share with the birds has been replaced here by the anxiety of men who are eager for gain.⁵

Sa bhliain 1906 thug an scoláire meánaoiseach, Robin Flower, cuairt ar an mBlascaod Mór, d'fhearr sé go bhféadfadh sé teacht ar Ghaeilge neamh-thruaillithe na Fíor-Ghaeltachta, agus chun léargas a fháil ar chultúr na meán-aoiseanna. Deir Seán Ó Lúing:

D'aimsigh sé ar an Oileán Tiar, ceann dona loic ba dheireanai ar domhain ina raibh iarsmai agus nósanna na meánaoiseanna fágtha slán, cosmas beag inar mhair sibhialtacht ná raibh thruaillithe fós ag deascaí na réabhlóide tionscail.⁶

Sna blianta dár lean, chaith Flower tréimhsí fada suainínseacha ar an oileán ag foghlaim na Gaeilge, ag bailiú béaloidis, agus, fiú, ag sclábháiocht leis na hoileánaigh. Scríobh sé leabhar faoin oileán, a tháinig amach sna daichidí, dar dteideal *The Western Island*. Cé go raibh tuiscint mhaith aige ar chúrsaí an Oileáin, tá an insint sa leabhar go mór faoi scáth an rómánsachais, agus teipeann air fiorchás sóisialta agus eacnamaíochta na háite a chur ina lú orainn. Sa slocht seo a leanas, tá sé ag turirlingt den traen sa Daingean, agus is léir go gceapann sé go bhfuil sé ar tí dul isteach sa tsaoil eile, saol a chruthaigh sé i réimse na samhláiochta. Deir sé:

You forget London and Dublin, all the cities of the earth, and with Gaelic faces and Gaelic voices about you, stand in the gateway of an older and simpler world.⁷

Sa phíosa seo a leanas, a scríobh Aodh De Blácam, gheibhtear an meon ceannann céanna, meon a bhí an-choitianta i measc diograiseoirí na Gaeilge, dá fhaid ó bhaile iad is ea ba mhó an diógrais. Deir De Blácam:

The Gaeltacht is the place for reading. Your imagination here has calm and contentment, and dwells on tradition or on literature, without that feverishness restlessness that obsesses the city mind.⁸

Ar theacht chuit Seoirse Mac Tomáis, faightear meon nó tuiscint eile ar an nGaeltacht. Ní hí an aisling ba shuim leis ach an rud a chonaic sé lena shúile cinn: bhí fearg agus brón air nuair a chonaic sé drochchás na Gaeltachta:

I do not believe in Celtic Twilight, or back to the Middle Ages, or anything of that sort, and I have lived long enough on the Blaskets to shed any romantic illusions that may have inspired me at the start..... The poverty of these peasants is appalling. There is no district nurse and the nearest doctor is 12 miles away after you have made the crossing to the mainland.⁹

Cé go raibh an-mheas ag muintir an Blascaoid ar na cuairteoirí, thug Mac Tomáis fé ndeara go mbídís, uaireanta:

a little critical of those friends whose enchantment with the Blasket way of life led them to overlook the lack of essential services which they took for granted in their own lives.”¹⁰

Mínionn an Blascaodach, Seán Ó Criomhthain, gur bhain na cuairteoirí an-sult as an rince, as an gceol agus as an scéalaíocht, rud a chuir ina lú orthu go rabhadar “sna Flaithis.”¹¹ Nocht Blascaodach eile, Eibhlís Ní Shúilleabhaín, an tuairim seo a leanas faoi na stráinséirí:

Visitors going in and coming out of our house talking and talking and they on their holidays and they at home having comfortable homes and no worry during winter or summer, would never believe the misfortune on this Island no school nor comfort, not five hundred of mackerel when last summer it cost £3 a hundred, no lobsters last summer, very very scarce, hard times, everything so dear and so far away. Surely people could not live on air and sunshine. No not at all.¹²

SEOIRSE MAC TOMÁIS

Tuigeadh do Mhac Tomáis nár bhí fhéidir leis bheith ag féachaint ar an mBlascaod(nó ar aon cheantar Gaeltachta) mar ríocht a bhí neamhspléach ar an ndomhain mór. Bhí fórsaí eacnamaíochta agus cultúrtha, ón dtaobh amuigh, ag brú isteach ar shaol na Gaeltachta. I gcás an Bhlascaoid, mar shampla, bhí cúrsai iascaireachta i mbaol toisc go raibh trálaerí ó Shasana, ón bhFrainc, agus ó Mheirice “de shíor ag treabhadh na dtónn mór-thimpeall na mBlascaodaí.... Bhí sé fánach ag fear na naomhóige dul i gcomórtas leis na comhlachtaí móra a bhí ag oibriú na dtrálaerí sin.”¹³ Bhí, dar le Mac Tomáis, dul amú ar lucht na hathbheochana, nuair a dhein siad neamhní don réabhlóid tionscail i gcomhthéacs shlánú na Gaeltachta. Thuig sé nach ionann buanú cultúr agus cultúr a shlánú, ach a mhalaírt, chaithfeadh athrú a bheith i gceist chun freastal ar shíorghluaiseacht na staire. Ghoill sé ar Mhac Tomáis go gcaillfi an teanga agus na luachanna a bhain leis an gcultúr san, mura ndéanfai rud éigin. Ag tagairt do phobal na Gaeltachta, deir sé go raibh:

gearchúis acu, buanchuimhne agus dul i ndíospóireacht, agus fairis sin, ins an iarthar, tá cultúr seanda acu anuas ona sinsir(rud atá cailte i Sasana le fada d'aimsir) a thugann tásta agus tuiscint dóibh i gcúrsai ealaíne agus i gcúrsai an tsaoil.”¹⁴

Ach mheas sé ná féadfadh na luachanna sin agus na dea-thréithe sin seasamh in aghaidh sruth na nua-aoise. Deir sé:

But this standard of values is a fragile thing. It is incapable of surviving except in it's native environment. As soon as it is transplanted, it withers. The only economic prospect for these people lies in Springfield, Massachusetts, where they walk at one step, as it were, out of the Middle Ages into the lowest class of a modern capitalist industrial city. There, all their culture, all their social and artistic standards, become a positive handicap to them in their struggle to live, and accordingly they are shed. They have no monetary value.¹⁵

Mheas Mac Tomáis go raibh sé mar dhualgas ag an lucht léinn dul i ngleic leis an bhfadhb seo. D'fhéadfadh an lucht léinn cabhrú leo trí

oideachas a sholáthar dóibh, rud thabharfadh deis dóibh dul chun cinn eacnamaíochta agus cultúrtha a dhéanamh, mar nuair:

a bheidh na daoine sin i gceannas ar a gcúrsaí féin, cuirfear deireadh leis an iargúltacht amach is amach, agus léimfidh an tsibhialtacht ar aghaidh.¹⁶

Mheas sé gur cheart úsáid a bhaint as an nGaeilge:

as a means of giving them a modern education so that they could adapt their culture to modern conditions.¹⁷

Dá mbeadh an Ghaeilge ina huirlis teagaisc, bheadh sí in ann:

intinn na ndaoine do spriogú ar chuma ná féadfadh an Béarla a dhéanamh, agus is ionann san is a rá go raibh an Ghaolainn níos oriúnaí dhóibh ná an Béarla mar ghléas oideachais, tráth is gurbh í an Ghaolainn an teanga ba ghaire dá chroi.¹⁸

Ní oideachas do pháistí amháin atá i gceist aige, ach oideachas ionlán do dhaoine fásta a thabharfadh tuiscint dóibh ar shibialtacht an fichiú haois.

Faoi thosach na dtriochaidí, bhí sé faoi chaibidil ag Mac Tomáis ollscolaíocht a sholáthar do phobal na Gaeltachta, saor in aisce. Bhí sé go mór faoi thionchar James Stuart (scoláire de chuid Choláiste na Tríonóide, Cambridge). B’ é Stuart:

do chuimhnigh ar ‘Ollscoil Pheripateticiúil’ do bhunú chun na maitheasaí atá le baint as oideachas Ollscoile do chur ar leathadh go fairsing ar fuaid na tíre.¹⁹

I gcaitheamh na mblianta luatha den naoú céad déag, bhíodh Stuart ag tabhairt léachtaí in aisce do dhaoine sna bailte móra i dTuaisceart Shasana. Deir Mac Tomáis gurbh iad na:

ceardaithe, lámhoibritheoirí, agus a leithéidí sin is mó a thagadh chun éisteacht leis.²⁰



SEOIRSE MAC TOMÁIS

D'éisigh go maith le Stuart agus, le himeacht aimsire, bunaíodh scéimeanna den chineál sin in áiteanna eile sa tir. Fén am a bhí Mac Tomáis ag scríobh, bhí:

léachtaí á thabhairt don choitiantacht lasmuigh de mhúr an choláiste agus, fairis sin, chun scrúdúchán teastais do chur ar siúil tar éis na léachtaí bheith thart, agus chun scoileanna samhraidh do bhunú istigh ins an choláiste nuair a bhíonn na mic léinn ar a laethanta saoire(agus chun scoláireachtaí Ollscoile do bhrónadh ar dhaoine bochta).²¹

Deir Mac Tomáis gur bhain na mic léinn an-tairbhe as na léachtaí sin agus gur chuir na léachtaí le caighdeán maireachtála na ndaoine:

Is iad na daoine is mó do bhain taitneamh agus tairbhe as na léachtaí sin i Sasana ná mianadóirí Northumberland; agus is furiost aithint cad ina thaobh. Sin iad na daoine is beomhaire agus is briomhaire ins an dúiche ar fad nach mór- géarchúis acu, agus eascúlacht aigne agus iomháineacht as meon.²²



Chun na scéime a chur ar aghaidh, bheadh, dar leis, gá le léachtóirí ó gach réimse léinn a raghadh ar fud na Gaeltachta ag tabhairt léachtaí. Sa sliocht seo a leanas, míniún Mac Tomáis conas ba cheart tosnú ar an scéim, agus léiríonn sé na modhanna oibre a bheadh i gceist:

Ach is minic mé ag cuimhneamh, dá bhféadfadh múinteoir Ollscoile greim a fháil ar mhuintir na Gaeltachta agus gan bunscoil ná meánscoil do bheith ins an tstí eatartha, agus é ag cur síos dóibh ar gach ábhar eolais is mó tábhacht lenár linn, ar na healaiona agus ar na heolaíochtaí mar an gcéanna, gurbh éachtach an fluascailt intinne do sna daoine sin an saol nuaimseartha so againn do bheith dá nochtadh dhóibh tríd an dteangain a labhrann lena gcroí.

Ceathar nó cúigear do bhailiú ins na hOllscoileanna chun léachtaí do leagadh amach iad ullamh chun iad do thabhairt uatha uair éigin i rith an tsamhraidh. Ansan, fógra do chur suas i nDún Chaoin, fógra eile sa Cheathrú Rua, fógra eile fós i Rann na

Feirste. Cuimsímí ar Dhún Chaoin mar shampla. Tá sean-obair ins an pharóiste ar a dtugtar Tigh Mhóire; tá ainm Phiarais Fheirtéir rite tríd an gceantar; agus is minic na fir ag iascach mhacrael. Tugaimís léacht dóibh, mar sin ar Thigh Mhóire, cathain a tógadh é dar leis an lucht léinn, conas a tógadh é agus cad ina thaobh: do mhúscloídh sin a suim ins an réamhstair. Tugaimís léacht eile dhóibh ar Phiaras Feirtéar, ar na dánta do cheap sé agus ar chúrsai a shaoil: do mhúscloídh san a suim ins an stair agus ins an litriocht. Tugaimís léacht eile dhóibh ar conas mar siolraítear an macrael, conas a gintear é, gach aon rud a bhaineann lena nóna is lenaimeachtai fé mhuir: do mhúscloídh san a suim ins an bheatheolas. D'fhéadfaimís cur síos dóibh ar an aimsir agus mar sin siar go dtí cúrasai meteorloige agus réalteolaíse. D'fhéadfaimís cur síos dóibh ar an gcuma go ndeintear biotáille agus mar sin siar go dtí an cheimiocht.

Dá dtosnóimós ag cur síos mar sin ar chúrsai a bhaineann go dlúth le saol na ndaoine, nil aon bhaol ná go bhféadfaimís a suim do tharrac siar go dtí préamh an chúrsa ar an gcuma san; óir is beag duine le fáil, nuair a múscraithear ceist éigin mar iad san thusas, atá comh héascúil chun taighde síos go bun uirthi agus tá Gael an iarthair; agus is maith an comhartha é sin go n-éireodh leis na léachtaí ins an Ghaeltacht ach amháin iad do chur ar bun. Ní leor don léachtóir an léacht do thabhairt uaidh agus ansan dul abhaile. Ní bheidh aon rath ar an obair mura bhfaighidh sé aithne phearsanta ar an lucht éisteachta ins an tstí go bhféadfadh siad go léir an t-eolas do bhaint amach agus do chur fé scrúdú as chomhairle a chéile. Caithfidh sé iad do spriogú chun ceisteanna do ropadh chuige i ndeireadh gach léachta agus diospóireacht do chur ar bun, agus caithfidh sé iad do mhealladh chun Coiste Áitiúil do dhéanamh diobh fén ins an tstí go bhféadfaidh siad leanúint ar an obair nuair bheidh na léachtaí ar leataoibh.

Ansan, nuair bheadh an obair ar a bona ins an Ghaeltacht, ní bheadh a bhac orainn druideam aniar tamall agus na léachtaí céanna do thabhairt i dTrá Lí agus i mBaile Átha Cliath agus ins na bailte beaga mórdtimpeall. Dá bhféadfaimís gluaiseacht oideachais mar sin do chur ar bun ar fuaid na hÉireann agus í trí Ghaolainn, do bheimis ag dul i bhfad ar an nGaeilge do shábháil agus ar an nGalltacht do Ghaelú, agus gan trácht ar an rath a bheadh ag teacht ar mhuintir na tíre i gcúrsai oideachais.²³

SEOIRSE MAC TOMÁIS

Sa bhliain 1929, tosnaíodh ar phlean chun Coláiste na hOllscoile i nGaillimh do Ghaelú. Chuir an tAire Airgeadais, Earnán de Blaghd, spéis i gCathair na Gaillimhe; agus bhí sé mar aidhm aige an chathair ar fad a Ghaelú. Thug sé lántacaíocht don choláiste maidir le hábhair a chur ar fáil trí Ghaeilge. Deir Criostóir Mac Aonghusa go raibh sé:

faoi réir a ndíol airgid a thabhairt do lucht ceannais an choláiste leis an obair a dhéanamh²⁴

I gcaitheamh na bliana cuireadh reacht (“1929 Act”) ar bun a thug cead don choláiste ábhair léinn a mhúineadh trí Ghaeilge. Sa bhliain 1931, d’fhógair an coláiste ceithre phost léachtóireachta: ceann sa bhFisic Thurgnamhach, dhá cheann sna Teangacha Clasaiceacha, gus ceann san Oideachas. Ceapadh Seoirse Mac Tomáis agus Maighréad Ní Éimhthigh i Roinn na dTeangacha Clasaiceacha. Bhí Mac Tomáis freagrach as teagasc na Gréigise, trí Ghaeilge, agus fágadh an Laidin faoi Mhaighréad Ní Éimhthigh. Adhmaíonn Seoirse Mac Tomáis gur bhain sé amach an post le cabhair agus tacaíocht ó Earnán de Blaghd:

with his support I secured the lectureship.²⁵

Cháin roinnt dá chomrádaithe Mac Tomáis nuair a chuir sé faoi i nGaillimh. Scriobh an tOllamh E.R. Dodds, go raibh dul amú air nuair a d’fhág sé Cambridge:

to bury his talents in Galway as a lecturer at a small and remote University College.²⁶

D’fhéach Mac Tomáis ar an bpost mar dheis iontach chun a n-aidhmeanna a chur i bhfeidhm.

Sa bhliain 1930, sula bhfuair sé an post, bhí sé féin agus Earnán de Blaghd ag comhoibriú le chéile d’fhiann is go bhféadfoidís an scéim thuasluaite a chur ar bun. Deir Mac Tomáis:

I had been laying plans together with Ernst Blythe, who was the Minister for Finance, for starting a scheme of University extension lectures in Connemara.²⁷

Faoi dheireadh, chuaigh Mac Tomáis siar go Conamara chun na scéime a chur ar bun. Ar an gcéad dul síos bhí foirgneamh ag teastáil a bheadh oiriúnach do shéisiúin léachtóireachta, an scoil náisiúnta mar a tharla. Bhí cead ag teastáil óna sagairt pharóiste, a bhí ina mbainisteoirí scoile, ach ní bhfuair sé ach an chluas bhodhar agus léasadh binbeach a d`fhág é lena eireaball idir a dhá chois.

I had not proceeded far with my arrangements when it was made plain to me that there was not a priest throughout the length and breadth of Connemara who would dream of permitting his school to be used for anything so subversive as a University extension lecture in Irish or any other medium; nor was any support forthcoming from the National University or the Ministry of Education to induce a change of mind. So that was that.²⁸

Nach ait an meon san. Tá fuilleach fianaise againn go raibh an Stát agus an Eaglais i bhfabhar cur chun cinn na Gaeilge agus an Ghaelachais. Bhí stádas oifigiúil ag an teanga i nDáil Éireann. Bhí sé riachtanach do gach mac máthar Gaeilge a fhoghluim ar scoil. Ní fhéadfadh duine post a aimsiú sa státsheirbhís gan Ghaeilge a bheith aige. Nach raibh siad “ar son na Gaeilge.” De réir taithí Mhic Thomáis, ní raibh. Mheas sé go raibh an ghluaiseacht, ar leibhéal airithe, ag iarraidh na Gaeilge a úsáid mar fhalla cosanta in aghaidh an nua-aoiseachais. Deir sé:

The authorities did not want the peasants to be educated. It might put ideas in their head. It might inspire them to demand an improvement in their lot. The authorities saw this more clearly even than I did. As the teaching of Irish spread in the schools, they formulated more and more openly the aim which under their direction the revival of the language was intended to serve. The language was to be used not as a means of introducing modern European culture, but as a means of keeping it out. For the Cosgrave administration the national movement had proceeded far enough. They had got what they wanted, so they set their

SEOIRSE MAC TOMÁIS

faces against further change. In particular they had no intention of making any large-scale improvement in the social services. This attitude was inevitably reflected in their educational policy, and in the Irish language, untouched as it was by influences from contemporary Europe, they found a useful instrument. The Irish language and literature became a means of turning the eyes of the people away from their future to their past, and consequently the very energy and efficiency with which they promoted it, only served to weaken it as a progressive force.²⁹

B`fhiú,anois,féachaint ar an meon a bhí ag lucht an choláiste i leith Shoisialachais Mhic Thomáis. Cé ná raibh tacaíocht á thabhairt do phlean Sheoirse, bhí an coláiste sásta iarrachtaí níos mó a dhéanamh chun an coláiste a Ghaelú. Bhí roinnt mhaith sásta athlonnú sa bhFíor-Ghaeltacht ach gan oideachais a sholáthar saor in aisce do mhuintir na háite sin. Bhí cuimhneamh ag Eric Mac Fhinn ar chruinniú a tionóladh chun todhcháí an choláiste mar institiúid Ghaelach a phlé:

Bhí Seoirse ar thaobh cruinniú mar sin a bheith ann, ar ndó, agus tháinig sé. Ach b' é Liam Ó Buachalla a mhol an cruinniú a bheith ann, agus a thug an cruinniú le chéile. Tháinig Seoirse Mac Tomáis agus Sighle ní Chinnéide agus Eoghan Mac Cionnaith agus mé fhéin agus, ar ndó Liam Ó Buachalla freisin, agus sílim Maighréad Ní Eimhthigh (nílim cinnte amach is amach faoi sin - ach sílim go dtáinig). Cuireadh ráiteas chuig Tomás Ó Deirg (mar Aire Oideachais). Is dóigh go bhfuil an ráiteas - sa gcartlann - an t-am ar fad. Moladh amháin a rinneadh, go n-iarrfadh muid bheith neamhspleadhach agus muid a imtheacht ón mbaile mór, áit a bheith againn féin sa nGaeltacht agus cumhacht againn céimeanna agus cálídheachtaí mar sin a bhronnadh. Chuir Sighla Ní Chinnéide, amhthach, go láidir i gcoinne an mholadh imtheacht amach faoi'n tuaith agus níor moladh é.³⁰

Sa bhliain 1934, gan rabhadh ceart a thabhairt d'údaráis an choláiste, d' eirigh Mac Tomáis as a phost sa choláiste agus d'fhill sé ar Shasana. Is deacair teacht ar eolas cruinn fé na cúiseanna a bhí aige (mar níl aon chur síos déanta aige féin ar an scéal), ach

creidtear go raibh feachtas ar bun ina choinne sa choláiste agus in áiteanna eile i nGaillimh. Ní foláir ná go raibh a aidhmeanna réabhlóideacha ina n-ábhair inní don lucht ceannais i ngach réimse cumhactha. Deir Risteárd Ó Glaisne:

gur ghlac cuid den chléir suas go dtí leibhéal na nEaspag féin páirt ghniomhach san fleachtas sin.³¹

Deineann Mac Fhinn tagairt do Ridirí Naomh Columbanus, á rá go raibh Mac Tomáis fá chaibidil acu:

ach níl féith ar bith agam go raibh siad ar thaoibh Sheoirse ná in a choinne.³²

Luann Ó Glaisne Liam Ó Briain (Ollamh le Teangacha Rómánsacha):

fear nach mbeadh aon ghlacadh aige ar leagan amach shóisialta Mhic Thomáis.³³

Is dócha, dar le Ó Glaisne, gurbh é Ceann na Roinne, An tAthair Ó Fathaigh, a bhí “ar thus cadhnaiochta”³⁴ sa bhfeachtas ina choinne. Duine a sheas go láidir le lucht an tSaorstáit ab ea Ó Fathaigh agus bhí sé ina bhall tábhachtach de Chumann na nGaedhal. Sa bhliain 1979 foilsiodh an t-alt seo sa *Sunday Press* fé Sheoirse:

A number of distinguished scholars received honorary degrees at University College Galway.. Sadly ill-health prevented Professor George Thomson from accepting an Honary Doctorate. His health would not allow him to travel to Galway and he believes honorary degrees should be accepted in person and not in abstentia. Had he been honoured in Galway, as the U.C.G. authorities wanted him to be, it would have been an ironic moment in history. For Professor Thomson,an Englishman, lectured in Greek through the medium of Irish at U.C.G. in the thirties, something which the Irish Greek scholar, Professor Michael Tierney, said could not be done. George Thomson met with considerable resistance and some hostility in Galway, not least from clerical members of the University staff. After a time, he



SEOIRSE MAC TOMÁIS

felt it wise to leave Galway University, and his reputation as a Greek scholar came later from his work in an English University.³⁵

Sna blianta dár lean, bhain sé amach aitheantas idirnáisiúnta mar Mharxach diograiseach. Chaith sé tréimhse ar choiste an Pháirtí Chumannaigh sa Bhreatain. Chaith sé an chuid eile dá shaol mar Ollamh le Gréigis in Ollscoil Birmingham. I mBirmingham beidh cuimhne buan air mar dhuine a d'oirbhrigh gan stad ar mhaithe le coitiantacht na cathrach. Deir Tim Enright:



He taught Marxist classes where he was noted for the clarity of his exposition of the subject, just as at Galway it was said he never had to fumble for the right word in Irish. This made him popular as a teacher in factory branches in Birmingham. On Sundays, with the men left at home, he taught the wives of factory workers about the role of women in society, long before the modern feminist movement arose.³⁶



Nior leag sé a chos arís ar thalamh Éireann go 1976 nuair a tháinig an dara eagrán de *Fiche Blian ag Fás* amach. I samhradh na bliana 1979, dhein Proinsias Mac Aonghusa tagairt do Sheoirse: “fear é nach bhfuair a cheart riamh, feictear dhom”.



Sa bhliain chéiliúraidh seo is gá, dar liom, cuimhneamh ar a leithéid de dhuine, a d'oirbhrigh ar son na ndaoine in Éirinn, a bhí brúite faoi chois ag dream polaiteoirí agus cléireach a chruthaigh córas oideachais (go háirithe i réimse na meánscolaíochta agus na hollscolaíochta) nár chothaigh ach an duine a raibh airgead agus ór sna pócaí aige. Glacaim go raibh bunscolaíocht curtha ar fáil don daonra, ach is fiú cuimhneamh, nach ionann maitheasáí bunscolaíochta agus riachtanais an oideachais.

NÓTAÍ

- ¹ George Thomson, ‘The Irish Language Revival’, *Yorkshire Celtic Studies* 3, 1946, lch. 7.
- ² Douglas Hyde, ‘The Necessity for De-Anglicising Ireland’, in Douglas Hyde, *Language, Lore and Lyrics (Essays and Lectures)*, Brendan Ó Conaire, eag., Dublin, 1986, lch. 155.
- ³ Lúaite ag Máirín Nic Eoin, *An Litríocht Réigiúnach*, Baile Átha Cliath, 1982, lch. 15.
- ⁴ Proinsias Ó Conluain agus Donncha Ó Céileachair, *An Duinníneach*, Baile Átha Cliath, 1958, lch. 39.
- ⁵ Synge, *The Aran Islands*, with an introduction by Tim Robinson London, 1992, lch. 39.
- ⁶ Seán Ó Lúing, ‘Robin Flower: Oileánach agus Máistir Léinn’, *Journal of the Kerry Archaeological Society*, 10 1977, lch. 111.
- ⁷ Robin Flower, *The Western Island*, Oxford, 1985, lch. 1.
- ⁸ Aodh De Blacam, *From A Gaelic Outpost*, Dublin, 1921, lch. 43.
- ⁹ Thomson, ‘The Irish Language Revival’, lch. 43.
- ¹⁰ George Thomson, *The Blasket That Was*, Maigh Nuad, 1982 lch. 55.
- ¹¹ *Leoithne Aniar*, Pádraig Tyers, eag., Baile an Fheirtéaraigh, 1982, lch. 83.
- ¹² Eibhlís Ní Shúilleabháin, *Letters from The Great Blasket*, Seán Ó Coileáin, eag., Cork, 1992, lch. 88.
- ¹³ Seoirse Mac Tomáis, *An Blascaod A Bhí*, Maigh Nuad, 1977, lgh. 4-5.
- ¹⁴ Seoirse Mac Tomáis, ‘Oideachas Ollscoile ins an Ghaeltacht’, in *Seoirse Tomáis: Gach Órlach De Mo Chroi Mac*, Seán Ó Lúing, eag., Baile Átha Cliath, 1988 lgh. 15-19 .(foilsithe den chéad uair in *The Star*, 24 Bealtaine, 1930).
- ¹⁵ Thomson, ‘The Irish Language Revival’, lch. 8
- ¹⁶ Mac Tomáis, *An Blascaod A Bhí*, lch. 26
- ¹⁷ Thomson, ‘The Irish Language Revival’, lch. 8
- ¹⁸ Seoirse Mac Tomáis, ‘Ceann Caol na hAoise’, in *Seoirse Mac Tomáis: Gach Órlach De Mo Chroi*, Seán Ó Lúing, eag., lch. 22, (foilsithe den chéad uair in *The Star*, 12 Iúil, 1930).
- ¹⁹ Mac Tomáis, ‘Oideachas Ollscoile ins an Ghaeltacht’, lch. 15.
- ²⁰ *Ibid.*
- ²¹ *Ibid.*, lgh. 15-6.
- ²² *Ibid.*, lch. 16.
- ²³ *Ibid.*, lgh. 17-8.
- ²⁴ Criostóir Mac Aonghusa, ‘Cathair na Gaillimhe sna Tríochaidí’, in *Scriobh 5*, Seán Ó Mordha, eag., Baile Átha Cliath, 1981, lch. 211.
- ²⁵ Réamhnóta a chuir Seoirse Mac Tomáis leis an lámhscríbhinn de *Fiche Blian Ag Fás*

SEOIRSE MAC TOMÁIS

²⁶ Journal and Letters of Stephen MacKenna, E.R. Dodds, eag., London, 1936, lch. 130.

²⁷ Thomson, 'The Irish Language Revival', lch. 9.

²⁸ *Ibid.*

²⁹ *Ibid.*

³⁰ Luaite ag Risteárd Ó Glaisne, 'An Moinsineoir Pádraig Eric Mac Fhinn', *Irisleabhar Mhá Nuad*, Pádraig Ó Fiannachta, eag., Má Nuad, 1988, lgh. 134-5.

³¹ Risteárd Ó Glaisne, 'Seoirse Mac Tomáis', *Inniu*, 16 Eanáir 1981, lch.11.

³² Ó Glaisne, 'An Moinsineoir Pádraig Eric Mac Fhinn', lch. 129.

³³ Ó Glaisne, 'Seoirse Mac Tomáis' lch.11

³⁴ *Ibid.*

³⁵ *The Sunday Press*, 15 Iúil 1979, lch.7.

³⁶ George Thomson, *Island Home: The Blasket Heritage, with a memoir by Tim Enright*, Dingle, 1988, lch. 139.